

RÁITIS AIRGEADAIS DON
BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30
MEÁN FÓMHAIR 2022

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Eolas faoin gColáiste

Seoladh	An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha 100 Sráid Thomáis Baile Átha Cliath 8 D08 K521
Iniúcháirí	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1
Baincéirí	Banc na hÉireann 85 Sráid San Séamas Baile Átha Cliath 8
Aturnaetha	St John Solicitors 14, City Gate Sráid an Droichid Íochtarach Baile Átha Cliath 8

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

INNÉACS	Leathanach
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	4 - 10
Ráiteas de Rialú Inmheánach	11 - 14
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	15 - 17
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	18
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	19
Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar an gCuntas Caipitil	20
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	21
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	22
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	23 - 41

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Bunaíodh an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (NCAD) faoi Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971. Ghlac NCAD le córas rialachais corparáideach de réir fhorálacha agus cheanglais Acht NCAD agus oibleagáidí reachtúla eile, cosúil leis na hAchtanna um Eitic; agus ghlac sé le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) na Roinne Airgeadais. Más infheidhme, tá ceanglais Rialachas na nOllscoileanna Éireannacha (2012) á chomhlíonadh aige, cód a chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas agus Cumann Ollscoileanna Éireann i dtoll a chéile. Dá réir sin, tá feidhmeanna an Bhoird bunaithe ag 'An Bord', agus athbhreithníonn agus nuashonraíonn sé feidhmeanna an Bhoird mar atá leagtha amach in alt 5 den Acht seo. Tá 'An Bord' cuntasach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, agus tá freagracht tarmligthe sannta don fhoireann bainistíochta shinsearach. Leanann an Stiúrthóir agus an fhoireann bainistíochta shinsearach an treo straitéiseach atá sonraithe ag an mBord sa Phlean Straitéiseach 5 bliana, agus ní mór a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, lena n-áirítear aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar theagmhálaí díreach idir An Bord agus foireann bainistíochta an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird sonraithe ina Théarmaí Tagartha ina sonraítear freisin na nithe a bhfuil cinneadh le déanamh ag an mBord fúthu. Seo a leanas ról an Bhoird:

- Treo straitéiseach an Choláiste a shonrú, comhsheasmhach le beartas rialtais.
- Ceadaíonn sé cinntí suntasacha cosúil leis an mbuiséad bliantúil agus idirbhearta réadmhaoine mar chuid dá Sceideal Nithe a bhfuil Cinneadh le déanamh ag an mBord fúthu (féach Rannóg 7 den doiciméad sin).
- Déanann sé faireachán ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtacht na foirne bainistíochta.
- Tacaíonn sé agus cuireann sé comhairle chríonna ar an bhfoireann bainistíochta.
- Cinntíonn sé go bhfuil córas láidir de rialuithe inmheánacha ag an gColáiste.

I measc na nithe buana a bhreithníonn don Bhoird tá:

- dearbhú leasa.
- bainistíocht riosca.
- tuarascálacha ó choistí.

- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta.

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHATHA **NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (Ar lean)

Ceanglaíonn Alt 15(1) d'Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, 1971, ar an mBord, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir atá faighte agus caite aige a choimeád.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a shonrú cibé acu ar leanadh nó nár leanadh le caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 15 (1) d'Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, 1971. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Choláiste.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Cheadaigh an Bord an buiséad bliantúil do bhliain airgeadais 2021/22 ar an 21 Meán Fómhair 2021.

Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Breithníonn an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choláiste ag an 30 Meán Fómhair 2022.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (Ar lean)

Struchtúr an Bhoird

Páirteach sa Bhord tá Cathaoirleach, cúigear gnáthchomhaltaí atá ceaptha ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, mar aon le beirt ionadaithe foirne acadúla, beirt ionadaithe mic léinn, Stiúrthóir an Choláiste agus breathnóir foirne neamhacadúil amháin. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse trí bliana agus de ghnáth eagraíonn siad 9 sheisiún sa bhliain.

Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

Comhaltaí Boird	Ról	Dáta ceapacháin	An dáta scoir nó athcheapacháin
Richard Thorn	Cathaoirleach	23 Márta 2018 Athcheaptha – Aibreán '21	Ar scor ó chúraimí Boird i mí Eanáir 22
Christine O'Donovan	Cathaoirleach	22 Samhain 2022	
Christine O'Donovan	Gnáthchomhalta	23 Márta 2018	Athcheaptha – Aibreán '21
Frederick Goltz	Gnáthchomhalta	23 Márta 2018	Athcheaptha – Aibreán '21
Jane McDaid	Gnáthchomhalta	23 Márta 2018	Athcheaptha – Aibreán '21
Sinéad Ryan	Gnáthchomhalta	23 Márta 2018	Athcheaptha – Aibreán '21
Claire Dowling	Gnáthchomhalta	Deireadh Fómhair 21	
Sarah O'Connor	Ionadaí Mic Léinn	23 Meán Fómhair 2021	Ar scor ó chúraimí Boird i mí Lúnasa 22
Taffina Flood	Comhalta Acadúil	20 Aibreán '21	
An Dr Patsey Bodkin	Comhalta Acadúil	20 Aibreán '21	
Bill Harris	Ionadaí Mic Léinn	20 Aibreán '21	
Leone Karakus	Breathnóir Neamhacadúil	20 Aibreán '21	
Sarah Glennie	Stiúrthóir	23 Márta 2018	

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (Ar lean)

Struchtúr an Bhoird ar lean.

Rinne athbhreithneoir athbhreithniú éifeachtachta agus meastóireachta ar an mBord in 2020 de réir dea-chleachtais agus cuireadh athbhreithniú inmheánach i gcrích in 2021. Cuireadh athbhreithniú éifeachtachta agus meastóireachta inmheánach i gcrích in 2022.

Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR): tá triúr comhaltaí den Bhord páirteach sa Choiste seo agus is féidir leo comhalta neamhspleách a chomhthoghadh más gá. Is é ról CIR tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí as nithe a bhaineann le riosca, le rialú agus le rialachas, agus dearbhú gaolmhar. Tá CIR ag feidhmiú neamhspleách ó fhoireann bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste, go háirithe, go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain. I mí Mheán Fómhair 2021/22, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca: Frederick Goltz (Cathaoirleach), Sinéad Ryan agus Claire Dowling. Bhí 5 gcrúinniú ag an CIR in 2021/ 22.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (Ar lean)

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Ní fhaigheann comhaltaí Boird táille. Tá sceideal tinrimh maidir le cruinnithe Boird agus Coiste i gcomhair 2021/22 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na costais a fuair gach comhalta:

An Bord	CIR	Costais 2021/22
		€
Líon na gCruinnithe	Naoi	Cúig
An Dr Richard Thorn	7	€148
Frederick Goltz	9	5
Sarah Glennie	8	5
Jane McDaid	9	
Claire Dowling	8	5
Christine O'Donovan	7	
Sean Quigley		2
Sinéad Ryan	8	5
Taffina Flood	5	
An Dr Patsey Bodkin	9	
Bill Harris	6	
Sarah O'Connor	6	

Athruithe ar Phríomhphearsanra

D'éirigh an Dr Richard Thorn as a chúraimí Boird agus as a ról mar Chathaoirleach i mí Eanáir 2022 agus ceapadh Christine O'Donovan mar Chathaoirleach i mí na Samhna 2022. Ceapadh Claire Dowling mar chomhalta Boird i mí Dheireadh Fómhair '21 agus mar chomhalta den Choiste Iniúchta agus Riosca ag an am céanna. D'éirigh Sean Quigley (CIR amháin) as a chúraimí ar an 25 Eanáir 2022. Chuaigh an Ceannasaí Oideachais ar scor i mí Lúnasa '22. Ceapadh ceannasaí eatramhach don bhliain acadúil nua fad is atáthar ag díriú ar an bpróiseas chun duine nua a cheapadh.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltáí an Bhoird (Ar lean)

Nochtaí arna gCeangal de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá An Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, á gcomhlíonadh ag an gColáiste. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas de réir an Chóid:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaí – Féach nóta 7

Táillí Comhairleoireachta agus Comhairleora Sheachtraigh	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Dlí		31	27
Comhairle Cánach agus Airgeadais		134	89
Caidreamh Poiblí / Margaíocht		106	125
Straitéis agus Forbairt Eagraíochta		243	140
Pinsean agus Acmhainní Daonna		173	37
Rochtain do Mhic Léinn, Comhairleoireacht & Seirbhísí Leighis		217	221
Sláinte, Sábháilteacht & Oibreacha Tógála		-12	66
Caiteachas ar Thionscadal Taighde		17	18
Comhairleoirí Speisialta Covid-19		0	15
Eile		29	132
Iomlán		938	870

Socraíochtaí Foirceanta – Ní dhearnadh aon socrú foirceanta in NCAD in 2021/22

Caiteachas Taistil agus Cothaithe	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Taisteal Náisiúnta		15	8
Taisteal Idirnáisiúnta		19	1
Iomlán	8	34	9

Caiteachas Fáilteachais	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Fáilteachas foirne		1	-
Fáilteachas cliant		6	-
Iomlán	8	7	-

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARHTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022


Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (Ar lean)

Ráiteas Comhlíonta

Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta bunaithe chun comhlíonadh leis an gCód a chinntiú. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar a chomhlíonadh leis an gCód agus tá roinnt réimsí sainaitheanta nach bhfuil á gcomhlíonadh go hiomlán agus tá na céimeanna riachtanacha á ndéanamh chun déileáil leo sin.

Réimsí ina bhfuil obair chomhlíonta fós ar siúl:

- tuairisciú gnó agus airgeadais – táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair chun bainistiú diúscairtí sócmhainní a fheabhsú.
- luach saothair agus aoisliúntas
 - tá rolladh amach córais bhainistíochta feidhmíochta forbartha ag acadóir faoi dheireadh na bliana, tá dul chun cinn á dhéanamh i ndáil le leagan píolótach den chóras nua a úsáid i ranna acadúla.
 - tá clár á fhorbairt de gach post Boird de chomhlachtaí arna maoiniú ag an Stát atá i seilbh comhaltaí foirne ionas gur féidir leis an mBord gach post dá leithéid a cheadú.



Christine O'Donovan,
Cathaoirleach an Bhoird
6 Aibreán 2023



Sarah Glennie,
Stiúrthóir
6 Aibreán 2023

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas de Rialú Inmheánach

Raon Feidhme Freagrachta

Thar ceann an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á fheidhmiú. Áirítear sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánach

Is é an aidhm atá leis an gcóras rialaithe inmheánaigh riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur le riosca ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas de rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus curtha i bhfeidhm sa Choláiste don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2022 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais seachas le haghaidh na gceisteanna rialaithe inmheánacha a bhfuil cur síos déanta orthu thíos.

Acmhainn Déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ag an gColáiste, ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird, a bhfuil duine acu ag feidhmiú mar Chathaoirleach, agus comhalta seachtrach amháin, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta. Chuaigh Sean Quigley ar scor mar chomhalta seachtrach CIR i mí Eanáir '22. Ceapadh comhalta seachtrach nua ar CIR i mí na Samhna '22. Bhuail CIR le chéile cúig bhabhta in 2021/22.

Sheachfhoinsigh an Coláiste a fheidhm iniúchta inmheánaigh a chuireann clár oibre i gcrích atá comhaontaithe le CIR chun a chinntiú go gcuirtear clár oibre iniúchta inmheánaigh cuimsitheach agus éifeachtach i gcrích. In 2021/22, bhreithnigh CIR dhá thuarascáil iniúchta inmheánacha. Seachas sin, dhírigh an Coiste ar riosca a bhainistiú agus ar dhea-rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm laistigh den Choláiste.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Coláiste a shainníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun déileáil leis na rioscaí sin, agus chomh fada agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú. Is mír sheasta ar chlár oibre an Bhoird agus CIR é riosca agus déantar an clár a nuashonrú gach ráithe chun daoine a choinneáil ar an eolas.

Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar an inghlacthacht riosca agus ar an mbeartas riosca.

Is é an Príomhoifigeach Riosca Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas de Rialú Inmheánach (Ar lean)

Creat Riosca agus Rialaithe Ar lean

Tá mionsonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus tá freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe sannta do chomhaltaí foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a áirítear ann na gnéithe seo a leanas:

- tá nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a bhfuil an lucht bainistíochta sinsearach i mbun athbhreithniú a dhéanamh air
- tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- tá córas bunaithe chun na sócmhainní a chosaint
- tá Samhail Leithdháilte Acmhainní bunaithe sa Choláiste chun úsáid chothrom acmhainní a chinntiú – Á forbairt.

Covid-19

Ar an 22 Eanáir 2022, chuir an Rialtas deireadh le formhór na srianta COVID-19. Cuireadh stop le húsáid a bhaint as aghaidhmhaisc, bearta cosanta agus cuireadh deireadh le formhór na srianta ar an 28 Feabhra 2022 faoi dheireadh. Cheadaigh sé sin rochtain iomlán ar an gcampas. I bhfianaise na féidearthachta a bhain leis an amchlár a athrú i lár na bliana, d'éirigh linn 50% de na ranganna a chur ar fáil ar líne agus tairbhe a bhaint as rochtain iomlán ar stiúideonna, ar leabharlann agus ar sheirbhísí eile atá á dtairiscint ag an gColáiste. Ba é an suntas airgeadais a bhain leis sin go raibh teagasc breise ag teastáil chun freastal ar an amchlár.

Den chéad uair in imeacht trí bliana, reáchtáladh an Seó Bronnta Céimeanna i mí Meithimh 2022. Deis an-tábhachtach a bhí ann do mhic léinn chun á saothar a thaispeáint. Tríd is tríd, thug 1,500-2,000 duine cuairt ar an gcampas i rith na tréimhse seachtaine i mí an Mheithimh.

D'fhoghlaim foireann an Choláiste ón eispéireas sin agus ó fhorbairt go leor cleachtas teagaisc i rith na céime cianfhoghlama den Choláiste atá fós in úsáid mar gheall ar an gcumas atá aici an t-eispéireas foghlama a fheabhsú do mhic léinn laistigh den Choláiste.

Córas Bainistíochta Airgeadais Nua

I mí Dheireadh Fómhair '21, chuir foireann an Choláiste Córas Bainistíochta Airgeadais nua i bhfeidhm ag a bhfuil córas ordaithe ceannaigh leictreonach atá go hiomlán comhtháite agus clár sócmhainní seasta. Ní raibh an Córas Ordaithe Ceannaigh déabhlóidithe ar fud an Choláiste go dtí mí Dheireadh Fómhair '22, ach bhí úsáid phíolótach bainte ag an bhfoireann airgeadais as an gcóras soláthair i gcomhair roinnt míonna chun aistriú éifeachtach ó pháipéar go dtí foirm dhigiteach a chinntiú don champas. Beidh an infheistíocht sa CBA mar bhonn le leibhéal tuairiscithe, rialachais agus maoirseachta níos fearr as seo go ceann roinnt mhaith blianta.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas de Rialú Inmheánach (Ar lean)

Rialuithe Airgeadais

Tá na ról agus na freagrachtaí fanta mar an gcéanna agus táthar ag leanúint ar aghaidh le dualgais a roinnt ar fud na n-oibríochtaí airgeadais. Leanadh ar aghaidh le húsáid a bhaint as sínithe digiteacha, nósanna imeachta soláthair leictreonacha agus le hainm a chur le doiciméid go leictreonach, agus leanadh ar aghaidh le maolú sealadach chun cur ar chumas comhaltaí foirne costais a chur isteach. Níor athraíodh teorainneacha údaraithe agus tairseacha íocaíochta. Níor athraíodh an próiseas a bhaineann le postáil agus le ceadú irisí mar thoradh ar na socruithe oibre nua. Tá cuntais bhainistíochta ráithiúla agus réitigh ghaolmhara á gcur i gcrích go tráthúil. Tá rialuithe láidre ann maidir le sonraí bainc fostaí agus soláthraí a athrú ar an gcóras airgeadais.

Buiséadú agus Réamhaisnéisiú

Tá próiseas buiséadaithe agus réamhaisnéisithe láidir bunaithe ag NCAD. Cuireadh na buiséid is déanaí ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca agus don Bhord i Meán Fómhair '21, Aibreán '22 agus Lúnasa '22.

Bainistíocht Riosca

Tugtar an Clár Rioscaí cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Cuireadh an Clár Rioscaí ar fáil don Bhord ag gach cruinniú. Cuireadh na míreanna a sainithníodh san áireamh in RRI i gcomhair 2021/22.

In 2022, cuireadh tús le próiseas de mhapáil dearbhaithe. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil meicníocht lárnach ann chun dearbhú maidir leis na feidhmeanna laistigh den Choláiste a thabhairt. Táthar ag súil go mbunófar an próiseas seo i rith 2023.

Teicneolaíocht Faisnéise

Ag deireadh 2022, bunaíodh samhail slándála lárnach nua. Cuireadh Comhadlann Ghníomhach agus VPN don fhoireann riaracháin i bhfeidhm ar bhreis is 100 gléas, dóibh siúd a úsáideann MS Windows ar dtús. In 2023 tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas seo ar ghléasanna Apple, sin thart ar 50% de na gléasanna ar an gcampas.

Cuireadh tús le tionscadal pólótach nua i Meán Fómhair 2022 chun Uirlis Foghlama Fhíorúil nua a fhorbairt. Ar an gcéad dul síos, beidh sí á cur ar fáil do mhic léinn chéad bliana agus i ndeireadh na dála beidh an uirlis seo in úsáid in áit Google Classroom.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS
DEARTHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND
DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

Ráiteas de Rialú Inmheánach (Ar lean)

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnamh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, áit ar cuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas bunaithe:

- Tá príomhríosaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnamh aitheanta a thuairisciú.
- Tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina dtugtar léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí don Choláiste trí chéile.

Tá na córais mhonatóireachta seo a leanas á bhforbairt:

- Tá socruithe tuairiscithe déabhlóidithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais á tharmligean, agus tá córas tuairiscithe dó sin ceannaithe agus curtha i bhfeidhm in 2021/22.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag an gColáiste lena chinntiú go bhfuil na rialacha agus treoirínte soláthair reatha á gcomhlíonadh. In 21/22 bhí caiteachas neamhchomhlíontach de €96k nó 1.56% den chaiteachas neamhphá ar fad laistigh den Choláiste. Bhain sé sin le 3 sholáthraí, agus tá beirt acu réitithe ó shin.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú atá á ndéanamh ag an gColáiste ar an gcóras de rialú inmheánach bunaithe ar an obair atá á déanamh ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar an obair, agus an fhoireann bainistíochta shinsearach laistigh den Choláiste atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go bhfuil athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2021/22 curtha i gcrích ag an mBord. Chuir Cathaoirleach an CIR torthaí an athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh i láthair an Bhoird, maidir leis na rialuithe airgeadais inmheánacha atá i bhfeidhm in NCAD don bhliain dar críoch 2021/22, i rith an chruinnithe Boird a reáchtáladh ar an 24 Eanáir 2023. Nuashonraítear rianaire iniúchta inmheánach gach bliain agus cuirtear gluaiseachtaí i láthair CIR.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



Sarah Glennie

Stiúrthóir **Dáta:** 6 Aibreán 2023



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2022 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar athruithe ar chúlchistí agus ar an gcuntas caipitil
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairimse, tugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Choláiste ag an 30 Meán Fómhair 2022, agus a ioncam agus caiteachas don bhliain dar críoch sin de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

An bonn tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (CIIInna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá ormsa faoi na caighdeáin seo sonraithe in aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé ag feidhmiú neamhspleách ar an gColáiste agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán seo.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leordhóthanach agus cúf chun bonn le haghaidh mo thuairime a sholáthar.

Tuairisc maidir le faisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha ar fáil ag an gColáiste i dteannta leis na ráitis airgeadais. I measc na faisnéise sin tá an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach.

Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, in aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam sa chomhthéacs seo.

Tuarascáil AC&C (ar lean)

Georgina O Mahony
Le haghaidh agus thar ceann
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
13 Aibreán 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá na comhaltaí freagrach as na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 15 d'Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971

-
- a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil bonn cuntasafochta an ghnóthais leantaigh oiriúnach, agus
- cibé rialú inmheánach a mheastar a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá gan míshonrú ábhartha a chumasú, cibé mar thoradh ar chalaos nó ar earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 15 (2) d'Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, 1971, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Choláiste agus tuarascáil a ullmhú i dtaobh an chéanna atá le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam nuair atá an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine gan mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar earráid. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní hionann é agus ráthaíocht go dtabharfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na CIlInna míshonrú ábhartha faoi deara nuair is ann dá leithéid. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt ó chalaos nó earráid agus glactar leis go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí, ina n-aonar nó ina n-iomláine, a bheith ag súil go réasúnach go mbeidh tionchar acu ar na cinntí geilleagracha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid den iniúchadh de réir na CIlInna, bainim feidhm as breithiúnas gairmiúil agus tugaim aird ar sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Tríd an méid seo a dhéanamh,

- Sainiúim agus déanaim measúnú ar rioscaí míshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cibé acu más bunaithe ar chalaos nó earráid atá siad; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúchta i gcrích a fhreagraíonn do na rioscaí seo; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn le haghaidh mo thuairime a sholáthar. Tá an riosca a bhaineann le míshonrú ábhartha ag eascairt as calaois gan a bheith á haithint níos airde ná riosca a tharlaíonn mar thoradh ar earráid, de bhrí go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí a bheith i gceist le calaois, nó go bhféadfaí rialú inmheánach a shárú.
- Tagaim ar thuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasafochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasafochta agus na nochtáí gaolmhara.
- Cuirim críoch leis an iniúchadh le tagairt d'oiriúnacht úsáid bhonn cuntasafochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe

ar an bhfianaise iniúchta faighte, maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Choláiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim gur ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtáí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid sin de nochtáí leordhóthanach, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a bhí faighte suas go dtí dáta mo thuarascála. É sin ráite, d'fhéadfadh teagmhais nó coinníollacha amach anseo a bheith mar bhonn le deireadh a chur leis an gColáiste a bheith ag leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, lena n-áirítear na nochtáí, agus cibé an ndéanann nó nach ndéanann na ráitis airgeadais ionadaíocht ar na hidirbhearta agus ar na teagmhais bhunúsacha ar shlí a thugann léargas cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc nithe eile, an raon feidhme agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh suntasach i rialú inmheánach a thugaim faoi deara i rith m'iniúchta.

Tuairiscím, de réir eisceachta, más rud é, i mo thuairimse,

- Níl an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- Ní raibh na taifid chuntasafochta leordhóthanach chun iniúchadh éasca agus ceart na ráiteas airgeadais a cheadú, nó
- Níl na ráitis airgeadais ag comhaontú leis na taifid chuntasafochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a thíolactar leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon fhoirm de chonclúid maidir le dearbhú in iúl maidir leis an bhfaisnéis sin.

Maidir leis an iniúchadh atá déanta agam ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CIlInna an fhaisnéis eile a thíolactar a léamh agus, tríd an méid sin a dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas bailithe i rith an iniúchta, nó an bhfuil an chuma ar an bhfaisnéis, ar shlí éigin eile, go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Más rud é, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go gcinnim go bhfuil míshonrú ábhartha na faisnéise eile seo i gceist, ceanglaítear orm an méid sin a thuairisciú.

Nithe eile a thuairisciú

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta atá luaite le comhlachtaí a bhfuil maoiniú suntasach á fháil acu ón Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus oibriúcháin. Tuairiscím má thugaim aon ní ábhartha faoi deara i ndáil leis an tslí a bhfuil gnó poiblí curtha i gcrích.

Déanaim iarracht teacht ar fhianaise maidir le rialtacht idirbheart airgeadais i rith m'iniúchta. Tuairiscím má shainiúim aon

Aguisín leis an tuarascáil

chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a bhfuil siad á rialú acu.


**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR
2022**

	Nótaí	2022 €000	2021 €000
IONCAM			
Deontais Stáit	4	12,201	11,100
Táillí Acadúla	3	8,945	8,479
Amúchadh an Chiste Chaipitil		782	662
Deontais Taighde agus Conarthaí Eile	5	289	251
Maoiniú larchurtha le haghaidh Sochar Scoir	15(c)	1,697	1,299
Ioncam Eile	6	39	74
Ioncam Iomlán		23,953	21,865
CAITEACHAS			
Costais foirne	7	13,711	12,712
Costais sochair scoir	15(a)	4514	3,890
Costais oibriúcháin eile	8	4,502	4,000
Dímheas	11	782	662
Caiteachas Iomlán		23,509	21,264
Farasbarr \ (Easnamh) don bhliain		444	601

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1- 24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



Christine O'Donovan
Cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóir
6 Aibreán 2023



Sarah Glennie,
6 Aibreán 2023


**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHA
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR
2022**

	Nótaí	2022	2021
		€000	€000
Farasbarr \ (Easnamh) don bhliain		444	601
Gnóthachan / (cailteanas) achtúireach ar oibleagáidí sochair scoir	15(d)	28,517	(7,064)
Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	15(b)	(28,517)	7,064
Ioncam Cuimsitheach Iomlán sa bhliain		<u>444</u>	<u>601</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1- 24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



Christine O'Donovan,
Cathaoirleach an Bhoird
6 Aibreán 2023



Sarah Glennie,
Stiúrthóir
6 Aibreán 2023


AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN

RÁITEAS AR ATHRUITHE AR CHÚLCHISTÍ AGUS AR AN gCUNTAS CAIPITIL DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

	Cúlchistí		Cuntas Ioncaim agus Caipitil	Iomlán
	Srianta		Cúlchiste Caiteachais	
€000	€'000		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Deireadh Fómhair 2020	19,431	146	(606)	18,971
Farasbarr / (Easnamh) ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais			601	601
Amúchadh an chuntais chaipitil	(662)			(662)
Deontas stáit leithdháilte ar chaipiteal	1,796			1,796
Gluaiseacht ar Chúlchiste	-	70		70
Aistrithe idir Cúlchistí	-	(15)	15	-
Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2021	20,565	201	10	20,776
Farasbarr / (Easnamh) ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais			444	444
Amúchadh an chuntais chaipitil	(782)			(782)
Deontas stáit leithdháilte ar chaipiteal	1,854			1,854
Aistrithe idir Cúlchistí				-
Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2022	21,637	201	454	22,292

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1- 24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



Christine O'Donovan,
 Cathaoirleach an Bhoird
 6 Aibreán 2023



Sarah Glennie,
 Stiúrthóir
 6 Aibreán 2023


AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN

RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN
FÓMHAIR 2022

	Nótaí	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	11	21,622	20,549
Sócmhainní Oidhreachta	12	20	20
		<u>21,642</u>	<u>20,569</u>
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	13	1,740	2,544
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	16	4,692	3,624
		<u>6,432</u>	<u>6,168</u>
Dlíteanais Reatha: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	14	(5,782)	(5,961)
		<u>(5,782)</u>	<u>(5,961)</u>
Glansócmhainní Reatha		650	207
Sócmhainní Iomlána Lúide Dlíteanais Reatha		<u>22,292</u>	<u>20,776</u>
Sochair Scoir			
Maoiniú Iarchurtha Pinsin	15 (d)	73,303	100,123
Dlíteanais Phinsin	15 (b)	(73,303)	(100,123)
Glansócmhainní iomlána		<u>22,292</u>	<u>20,776</u>
Cúlchistí agus Cuntas Caipitil			
Cuntas Caipitil		21,637	20,565
Cúlchistí Srianata		201	201
Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais		454	10
		<u>22,292</u>	<u>20,776</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1- 24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



Christine O'Donovan,
 Cathaoirleach an Bhoird
 6 Aibreán 2023



Sarah Glennie,
 Stiúrthóir
 6 Aibreán 2023


**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITEAS AR SHREAFÁI AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

	Nótaí	2022	2021
		€000	€000
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Farasbarr \ (Easnamh) don bhliain		444	601
Coigeartú do mhíreanna neamhairgid			
Dímheas	11	782	662
Amúchadh an chuntais chaipitil		(782)	(662)
Cistí stáit leithdháilte ar chaipiteal	4	1,854	1,796
Laghdú / (Méadú) ar infháltais		804	(1,108)
(Laghdú) / Méadú ar mhíreanna iníoctha		(179)	1,247
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		2,923	2,536
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun réadmhaoin, gléasra, trealamh & Sócmhainní Oidhreachta a fháil	11 & 12	(1,854)	(1,796)
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(1,854)	(1,796)
Sreafaí airgid ar ghluaiseachtaí cúlchistí srianta		0	70
Glanmhéadú /(laghdú) in airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim sa bhliain		1,069	810
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Deireadh Fómhair 2021	16	3,624	2,811
Ceist slánaithe		(1)	3
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 30 Meán Fómhair 2022	16	4,692	3,624

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nóta 1- 24.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



Christine O'Donovan,
Cathaoirleach an Bhoird
6 Aibreán 2023



Sarah Glennie,
Stiúrthóir
6 Aibreán 2023

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA

Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a mheastar gur míreanna ábhartha iad i ndáil leis na ráitis airgeadais.

(a) Faisnéis ghinearálta agus Ráiteas Comhlíonta

Bunaíodh an Coláiste faoi Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, 1971, agus tá an Cheannoifig suite ag 100 Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8.

Fís oibre NCAD: Tá dlús á chur ag NCAD le cleachtadh criticiúil agus le nuálaíocht radacach trí bharr feabhais san ealaín agus sa dearadh. Múnlaíonn NCAD an saol ábhartha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta trí ionchuimsitheacht, dioscúrsa poiblí agus rannpháirtíocht chultúrtha.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na reachtaíochta infheidhme, agus FRS102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Is eintiteas leasa phoiblí é an Coláiste agus, dá bhrí sin, tá ceanglais ábhartha eintitis leasa phoiblí FRS102 curtha i bhfeidhm aige.

Ullmhaítear na cuntais in Euro, arb ionann é agus airgeadra feidhmiúil an Choláiste. Slánaítear suimeanna airgid sna ráitis airgeadais seo ag an €1,000 is cóngaraí dóibh.

Tá figiúirí comparáideacha áirithe don tréimhse roimh ré athrangaithe de réir na bliana reatha.

(b) An bonn ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear ag cóirluachanna mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le comhthoilíú an Aire Airgeadais faoi Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, 1971.

(c) Gnóthas leantach

Le cúpla bliain anuas tá farasbarr oibriúcháin ag an gColáiste a bhí mar bhonn le farasbarr carnach a bheith á thabhairt anonn i gcomhair dhá bhliain.

I ráitis airgeadais an Choláiste taispeántar farasbarr de €444,000 (2021: farasbarr de €601,000) don bhliain agus farasbarr cúlchiste ioncaim agus caiteachais de €454,000 (2021: farasbarr de €10,000). Tá an Coláiste ag súil go mbainfear tairbhe as cur chuige bainistithe maidir le fás ar earcú mac léinn bliain i ndiaidh bliana, chun tacú leis an gColáiste chun a seasamh airgeadais a threisiú amach anseo.

Bhíothas an-bhuíoch as an tacaíocht airgeadais a fuarthas ó HEA le haghaidh na n-infheistíochtaí riachtanacha i dtrealamh TF, baill foirne bhreise agus beart sláinte agus sábháilteachta mar thoradh díreach ar Covid-19 agus chinntigh an tacaíocht seo gur lean an Coláiste ar aghaidh ag feidhmiú ag leibhéal an-éifeachtach.

Ar an mbonn sin, ag cur tionchair laghdaithigh shrianta Covid-19 ar an gColáiste san áireamh, agus i dteannta leis na cúlchistí airgid atá ag an gColáiste, breithníonn Comhaltaí an Bhoird gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn Gnóthais Leantaigh.

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

(d) (i) Talamh agus Foirgnimh

Sonraítear talamh agus foirgnimh ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon fhoráil do bhearnúchán.

Rinne McNally Handy and Partners, Suirbhéirí Cairte, luacháil ar dháta éifeachtach an 1 Deireadh Fómhair 2014, an dáta aistrithe do thuairisciú faoi FRS 102. Chinn foireann an Choláiste an luacháil seo a úsáid mar chostas measta Thalamh agus Fhoirgnimh an Choláiste ag an dáta aistrithe.

(d) (ii) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon foráil do bhearnúchán. Déantar foráil le haghaidh dímheasa ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruilse, ag rátaí a mheastar a dhíscríobhann costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

Catagóir na Sócmhainne	Ráta dímheasa
Talamh	0% sa bhliain
Foirgnimh	2% sa bhliain
Foirgnimh Athluacháilte ag 01/10/2014	4.4% sa bhliain
Feabhsuithe Léasachta	Saol an Léasa sa bhliain
Táillí gairmiúla i ndáil le tionscadail foirgnimh/Feabhsuithe léasachta	10% sa bhliain
Gléasra agus Trealamh	10% sa bhliain
Troscán, Daingneáin agus Feistis	20% sa bhliain
Trealamh Ríomhaireachta	33.33% sa bhliain

Dímheastar táillí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha tógála thar thréimhse 10 mbliana. Dímheastar táillí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha feabhais léasachta thar thréimhse 10 mbliana nó thar shaolré an léasa má tá saolré an léasa níos giorra ná 10 mbliana.

Is éard atá i gceist le luach iarmharach an méid measta a bheadh á fháil faoi láthair dá ndéanfaí sócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh chostais mheasta diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le bearnúchán luach sócmhainne, aithnítear cailiteanas bearnúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas.

(e) Sócmhainní Oidhreachta

Coinníonn agus coimeádann an Coláiste sócmhainní oidhreachta cosúil le leabhair, péintéireachtaí agus saothar ealaíne. Níl sócmhainní oidhreachta a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 caipitlithe sna ráitis airgeadais de bhrí go meastar nach féidir aon luach réasúnach a lua leo mar gheall ar ghanntanas faisnéise faoin gcostas ceannaigh bhunaidh. Tá gach costas tabhaithe i ndáil le caomhnú á ngearradh de réir mar a thabhaítear iad.

Chomh fada is a bhaineann le breiseanna sócmhainní Oidhreachta a fuarthas i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 2015, caipitlín an Coláiste iad sin ag costas (i gcás na bhfálacha sin atá faighte ag an gColáiste) nó ag a gcóirluach (i gcás tabhartas). Is ionann cóirluach agus an méid a fhaightear ó dhíol sócmhainne mar chuid d'idirbheart ar neamhchomaoin idir páirtithe eolasacha, toilteanacha, lúide na costais diúscairthe. Ainneoin go bhfuil luachálacha á gcur i gcrích ag saineolaithe oiriúnacha, i bhfianaise shaintréithe na sócmhainní agus éagsúlacht an bhailiúcháin i margaidh idirbhirt teoranta, tá ardleibhéal breithiúnais i gceist chun cóirluachanna a shannadh don bhailiúchán.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARHTHA
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

Déantar sócmhainní oidhreachta bronnta a chaipitliú trí thagairt a dhéanamh dá luach árachais, de bhrí go bhfuil sé sin cosúil leis an gcóirluach. Ní chaipitlítear sócmhainní oidhreachta a bhfuil luach níos lú ná €5,000 luaite leo sna ráitis airgeadais.

(f) Infháltais

Aithnítear infháltais ag cóirluach.

(g) Cánachas

Mar charthanacht dhíolmhaithe, níl an Coláiste faoi dhliteanas do cháin chorparáide nó do cháin ioncaim ar aon cheann dá ghníomhaíochtaí carthanacha. Tá sé cláraithe do cháin bhreisluacha. De bhrí gur gníomhaíocht dhíolmhaithe é soláthar oideachais, áfach, nach bhfuil aon cháin aschuir á gearradh air, ní féidir leis cáin ionchuir ar fformhór a cheannachán a aisghabháil. Tá gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Choláiste dlite chun CBL a íoc. Tugann an Coláiste aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

(h) Aithint Ioncaim

Deontais Stáit

Leithdháileann an HEA Deontais Stáit do chaiteachas athfhillteach ar bhonn na bliana féilire. Is ionann an deontas a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an méid a chinntear atá oiriúnach don bhliain acadúil reatha, bunaithe ar dheighilt 75%/25% dheontas na bliana féilire.

Deontais chaipitil Stáit

Caitear le deontais chaipitil ón HEA nó ó chomhlachtaí stáit eile a fhaightear i ndáil le fáil nó le tógáil sócmhainní seasta mar Dheontais Chaipitil Stáit iarchurtha agus amúchtar iad de réir dímheasa thar shaolré na sócmhainní.

Aithnítear deontais stáit eile ar bhonn fabhráithe de réir an leibhéil ghníomhaíochta sa bhliain.

Ioncam Táillí Acadúla

Aithnítear Ioncam Táillí Acadúla (lena n-áirítear i gcomhair Oideachas Leantach san Ealaín & Dearadh), sa bhliain acadúil lena mbaineann sé.

Deontais taighde Stáit

Meitseáiltear ioncam ó dheontais taighde agus ó chonarthaí eile ón stát le caiteachas agus cuimsítear é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

Deontais taighde Neamhstáit

Aithnítear ioncam ó dheontais ó fhoinsí neamhstáit sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a chomhlíontar téarmaí a bhaineann le feidhmíocht. Má shonraítear srian atá in úsáid ach mura bhfuil aon choinníoll ag baint le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a bhíonn an Coláiste i dteideal an t-ioncam a fháil.

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

Coinnítear deontais lena mbaineann coinníollacha feidhmíochta neamhchomhlíonta mar ioncam iarchurtha go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha, agus ansin taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Taifeadtar deontais lena mbaineann srianta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a bhíonn teidlíocht don ioncam ann agus coinnítear ina dhiaidh sin iad i gcúlchiste srianta go dtí go dtabhaítear an caiteachas de réir an tsriain.

Tabhartais agus Dearlaicí

Is ionann idirbhearta neamh-mhalairte gan coinníollacha feidhmíochta agus tabhartais agus dearlaicí. Aithnítear tabhartais agus dearlaicí lena mbaineann srianta deontóra san ioncam nuair atá an Coláiste i dteideal an ioncaim. Coinnítear ioncam laistigh den chúlchiste srianta sin go dtí go n-úsáidtear é de réir na srianta go dtí go gcuirtear an t-ioncam ar fáil do chúlchistí ginearálta trí aistriú cúlchiste. Aithnítear tabhartais gan srianta in ioncam nuair atá an Coláiste i dteideal na gcistí.

Ioncam Úis

Cuirtear an t-ioncam ar fad ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an chuntais ioncaim agus chaiteachais sa tréimhse ina thuilltear é.

(i) Sochair fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na míreanna iníochta sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Níl aon fhabhrú do phá saoire sa bhliain don fhoireann acadúil de bhrí nach bhfuil gá lena leithéid mar gheall ar na téarmaí agus ar na coinníollacha atá sonraithe ina gconarthaí.

Sochair scoir

• **Scéim Pinsin le Sochar Sainithe**

Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, atá á maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a chuireann an tÚdarás um Ard-Oideachais ar fáil agus ó ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Léirítear i gcostais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe i rith na tréimhse agus taispeántar iad mar ghlan-ranníocaíochtaí foirne atá á gcoinneáil ag an gColáiste. Aithnítear méid atá ag comhfhreagairt leis an muirear pinsin mar ioncam a mhéid is atá sé in-aisghabhála agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Údarás um Ard-Oideachas.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach láithreach na n-íocaíochtaí todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dáta. Is ionann an maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Údarás um Ard-Oideachas.

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

- **An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS)**

Tá Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair) á reáchtáil ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, ar scéim le sochar sainithe í do státseirbhísigh inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(j) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa, seachas sa chás gur ann d'arduithe cíosa atá nasctha leis an ráta boilscithe ionchais, agus sa chás sin aithnítear na harduithe seo nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

(k) Airgeadra Eachtrach

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha ag an ráta malairte ar dháta an idirbhirt. Tuairiscítear sócmhainní agus dlíteanais airgid in airgeadraí eachtracha ag deireadh na bliana airgeadais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta sin.

(l) Cuntas Caipitil

Is ionann an cuntas caipitil agus luach gan amúchadh an mhaoinithe Stáit a leithdháileadh do shócmhainní réadmhaoine, gléasra, trealaimh agus oidhreachta ceannaithe i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 2015.

(m) Socruithe gníomhaireachta

Feidhmíonn an Coláiste mar ghníomhaire chun cistí tacaíochta a bhailiú agus a íoc. Cuimsítear íocaíochtaí gaolmhara a fhaightear ón HEA agus eisíocaíochtaí ina dhiaidh sin le mic léinn sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus taispeántar iad ar leithligh i Nóta 21.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

2 BREITHIÚNAIS CHRITICIÚLA CHUNTASAÍOCHTA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ d'ÉIGINTEACHTAÍ MEASTACHÁIN

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna tuairiscithe le haghaidh ioncain agus caiteachais i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, nach mbeadh na torthaí iarbhire cosúil leis na meastacháin sin. Ba ag na breithiúnais seo a leanas a bhí an éifeacht is suntasaí ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, agus cinneadh go bhfuil an tsaolré sócmhainne agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na foshuíomhanna atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na méideanna sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta costas cúraim sláinte) a nuashonrú gach bliain bunaithe ar choinníollacha geilleagracha reatha, agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na nithe seo a leanas ar na foshuíomhanna:

- (i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán;
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha mhargadh an tsaothair amach anseo; agus
- (iii) boillsciú, an difríocht i dtorthaí ar bhannaí úis sheasta agus innéacsnaasctha amhail ar an dáta cuntasaíochta
- (iv) déimeagrafach, ionchais saoil i ndiaidh scoir.

Mar a mhínítear i nóta 15 leis na ráitis airgeadais, d'aithin NCAD sócmhainn phinsin iarchurtha i ndáil leis an Scéim Aoisliúntais Foirne agus le Scéim Pinsean Céilí agus Leanaí ar an mbonn go bhfuiltear ag súil go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun oibleagáidí sochair scoir a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad dlite. Glacann an cur chuige cuntasaíochta seo leis go mbeidh aon ioncam a ghineann NCAD, ar an gcéad ásc, curtha i bhfeidhm i ndáil le costais reatha agus go mbeidh maoiniú Stáit in úsáid chun aon easnamh in acmhainní a íoc chun dliteanas sochar scoir a íoc sa todhcháí.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

3 TÁILLÍ TEAGAISC	'Coibhéisí Lánaimseart ha' (HCanna)	2022	'Coibhéisí lánaimseart ha' (CLAnna)	2021
		€000		€000
Táillí Teagaisc Lánaimseartha	1,230	5,719	1,228	5,328
Ranníocaíocht an Mhic Léinn	987	2,856	964	2,843
Táillí Teagaisc Páirtaimseartha	224	255	27	84
Táillí Neamhchreidmheasa an Oideachais Leantaigh san Ealaín & Dearadh (CEAD)	-	115	407	224
		8,945		8,479

Sonraítear líon na mac léinn mar choibhéisí lánaimseartha bunaithe ar chreidmheasanna cláraithe in 2021.

In 2022, bhí siad bunaithe ar líon daoine mar gheall ar athrú sna sonraí bailithe

4 DEONTAIS STÁIT	2022 Leithdháilte i gcomhair Caiteachais Athfhilltigh €000	2022 Leithdháilte i gcomhair Caiteachais Chaipitil €000	2022 Iomlán €000	2021 Iomlán €000
	An tÚdarás um Ard-Oideachas			
Deontais Athfhillteacha	9,501	345	9,846	9,512
Teicneolaíocht Faisnéise	40		40	10
Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas & Cúnaimh Airgeadais	121	1	122	94
Rochtain agus Dul Chun Cinn				
Feabhsaithe	263		263	222
An Ghaeilge	3		3	3
Tacaíochtaí Airgeadais Covid-19	900	27	927	854
Cúnamh do Mhic Léinn	94		94	97
Deontais le scaipeadh ar mhic léinn	320		320	296
Litearthacht agus Uimhearthacht	110		110	-
Forbairt Inbhuanaithe Oideachais	-		-	11
Deontais Eile	779	3	782	705
Maoiniú Caipitil	-	1,478	1,478	1,013
Deontais Stáit Eile				
An Chomhairle Ealaíon	70		70	79
Iomlán 2022	12,201	1,854	14,055	12,896
Iomlán 2021	11,100	1,796	12,896	

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARHTHA
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

5 DEONTAIS TAIGHDE AGUS CONARTHAÍ EILE	2022	2021
	€000	€000
Ioncam		
Stát agus leathstát	162	155
An tAontas Eorpach	32	24
Tionscal	77	25
Eile	18	47
Ioncam iomlán	289	251
Caiteachas		
Costais Foirne	157	162
Costais Oibriúcháin Eile	114	73
Costais iomlána	271	235
Glantoradh	18	16

6 IONCAM EILE	2022	2021
	€000	€000
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	-	-
Urraíocht/Tabhartais	1	-
Ioncam Imeachta	-	-
Táillí Mic Léinn	24	18
Ioncam Fótachóipeála	-	4
Ioncam Ilghnéitheach	14	52
	39	74

7 COSTAIS FOIRNE

Tá meánlín na ndaoine (lena n-áirítear sealbhóirí poist sinsearach) fostaithe ag an gColáiste i rith na bliana, á léiriú ar bhonn coibhéise lánaimseartha cothrom le:

	2022	2021
	Líon	Líon
	fostaithe	fostaithe
Teagasc	85.6	78.4
Taighde	3.4	3.0
Teicniúil, Tacaíochta agus Riarachán Láir	80.9	79.8
	169.9	161.2

	2022	2021
	€000	€000
Tuarastail agus pána	12,257	11,464
Costais leasa shóisialaigh	1,225	1,131
Costais leasa fostóra	-	-
Pá iomlán NCAD	13,482	12,595
Pá Gníomhaireachta	229	117
Pá Iomlán	13,711	12,712

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

7 COSTAIS FOIRNE (ar lean)

Líon na gcomhaltaí foirne a fuair luach saothair lena n-áirítear sochair chomhchineáil, sna raonta seo a leanas:

	2022	2021
	Líon na gcomhaltaí foirne	Líon na gcomhaltaí foirne
€60,001 - €70,000 sa bhliain	22	22
€70,001 - €80,000 sa bhliain	5	6
€80,001 - €90,000 sa bhliain	20	19
€90,001 - €100,000 sa bhliain	11	10
€100,001 - €110,000 sa bhliain	2	0
€110,001 - €120,000 sa bhliain	4	5
€120,001 - €130,000 sa bhliain	-	-
€130,001 - €140,000 sa bhliain	-	-
€140,001 - €150,000 sa bhliain	-	-
€150,001 - €160,000 sa bhliain	1	1
Os cionn €160,001 sa bhliain	-	-
	65	63

Tabhair faoi deara: Chun críche an nochtá seo, áirítear i sochair ghearrthéarmacha fostaí a bhaineann le seirbhísí curtha ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe íocaíochtaí tuarastail, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile déanta thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC fostóra iontu.

Cúiteamh phríomhbhail na foirne bainistíochta

I measc príomhphearsanra bainistíochta an Choláiste tá an Stiúrthóir, Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha/Cláráitheoir. Tá eolas le fáil thíos maidir le luach saothair iomlán an príomhphearsanra bainistíochta:

	2022	2021
	€000	€000
Tuarastail agus pána	259	252
Costais leasa shóisialaigh	27	27
	286	279

Cuimsítear sa luach saothair thuas méideanna atá iníochta leis an Stiúrthóir (an comhalta a bhfuil an pá is airde á fháil aige/aici):

	2022	2021
	€000	€000
Tuarastail agus pána	156	154
Costais leasa shóisialaigh	16	16
	172	170

Is comhalta é an Stiúrthóir de Scéim Pinsin Aoisliúntais NCAD agus ní shíneann a teidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar théarmaí na scéime sin.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

8 COSTAIS OIBRIÚCHÁIN EILE	Nótaí	2022	2021
		€000	€000
Leabhair, Catalóga agus Tréimhseacháin		165	142
Ábhair agus táirgí insoláthartha		246	117
Seirbhísí do mhic léinn		431	296
Taisteal & deontais mhic léinn a maoiníodh go seachtrach		319	168
Táillí Scrúdaithe agus Cláraithe		119	111
Táillí agus costais scrúdaitheoirí		45	24
Taispeántais, Seimineáir agus Lónadóireacht		46	9
Costais taighde		114	73
Gailearaí		23	7
Solas, Teas agus Cumhacht		251	247
Deisiú agus cothabháil		136	373
Costais ghlantacháin		334	267
Slándáil		130	118
Cíos agus Rátaí		254	76
Teileafón		115	138
Léasú Trealaimh		-	29
Ús Diúltach Bainc		46	27
Soláthairtí Stáiseanóireachta agus Priontáil		38	20
Costais Fótachóipeála		31	16
Postas agus Cúiréir		13	26
Caiteachas TF		487	383
Táillí Gairmiúla		521	757
Ballraíochtaí agus Síntiúis		68	49
Forbairt agus oiliúint foirne		55	73
Luach Saothair na nIniúcháirí		67	51
Taisteal agus Cothú		29	8
Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí		125	93
Árachas		130	111
Costais Sábháilteachta		53	71
Caiteachas Siamsaíochta		2	-
Ilghnéitheach		50	55
Díscríobh drochfhiach		59	65
		4,502	4,000
Cuimsítear i gcostais oibriúcháin eile:		2022	2021
Luach saothair na n-iniúcháirí		€000	€000
Iniúchadh seachtrach - ARC&C		47	41
Iniúchadh inmheánach - Mazars		20	10
Fruiliú sócmhainní faoi léasanna oibriúcháin (costas na bliana iomláine)	18	-	29

Áitreabh a ligean ar cíós faoi léas (cuid den chostas cíosa & rátaí
thuas)

18

127

62

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

9 CÁNACHAS

Tá an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha díolmhaithe ó Cháin Chorporáide faoi ordú stádais charthanais.

10 ANAILÍS AR CHAITEACHAS	Costais		Iomlán	Iomlán
	Foirme	Oibriúcháin		
	2022	2022	2022	2021
	€000	€000	€000	€000
Ranna Acadúla	9,705	640	10,345	10,193
Seirbhísí Acadúla & Seirbhísí				
Lárnacha Eile	858	406	1,264	1,348
Áitreabh	715	782	1,497	1,627
Riarachán Láir	1,385	1,647	3,032	1,946
Costais oibriúcháin a bhaineann go sonrach le Covid-19	142	286	428	284
Saoráidí agus Taitneamhachtaí do Mhic Léinn	754	582	1,336	944
Costais Oideachais Ghinearálta	-	45	45	135
Caiteachas Taighde	152	114	266	235
Iomlán 2022	<u>13,711</u>	<u>4,502</u>	<u>18,213</u>	<u>16,712</u>
Iomlán 2021	<u>12,712</u>	<u>4,000</u>		
Dímheas			782	662
Costais sochair scoir			4,514	3,890
			<u>23,509</u>	<u>21,264</u>

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

11 RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Talamh & Foirgnimh €000	Feistiú Réadmhaoine Léasaithe €000	Gléasra & Trealamh €000	Troscán €000	Daingneáin & Feistis €000	Trealamh Ríomhaireachta €000	Iomlán €000
Costas							
Iarmhéid ag an 1 Deireadh Fómhair 2021	21,292	306	698	253	487	1,718	24,754
Breiseanna	1,130	299	139	86	24	176	1,854
Diúscairt	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartú Athluachála	-	-	-	-	-	-	-
Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2022	22,422	605	837	339	511	1,894	26,608
Dímheas							
Iarmhéid ag an 1 Deireadh Fómhair 2021	1,828	306	272	149	324	1,325	4,204
Muirear don bhliain	309	16	72	48	64	273	782
Diúscairt	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartú Athluachála	-	-	-	-	-	-	-
Dímheas Iomlán i gcomhair 2022	2,137	322	344	197	388	1,598	4,986
Glanluach de réir na Leabhar, an 30 Meán Fómhair 2022	20,285	283	493	142	123	296	21,622
Glanluach de réir na Leabhar, an 30 Meán Fómhair 2021	19,464	-	426	104	163	393	20,549

12 SÓCMHAINNÍ OIDHREACHTA

	Ceannaithe €000	Bronnta €000	Iomlán €000
1 Deireadh Fómhair 2015 - 30 Meán Fómhair 2016	9	-	9
1 Deireadh Fómhair 2016 - 30 Meán Fómhair 2017	-	-	-
1 Deireadh Fómhair 2017 - 30 Meán Fómhair 2018	11	-	11
1 Deireadh Fómhair 2018 - 30 Meán Fómhair 2019	-	-	-
1 Deireadh Fómhair 2019 - 30 Meán Fómhair 2020	-	-	-
1 Deireadh Fómhair 2020 - 30 Meán Fómhair 2021	-	-	-
1 Deireadh Fómhair 2021 - 30 Meán Fómhair 2022	-	-	-
	20	-	20

Tá bailiúchán ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha (ar a dtugtar Leabharlann Náisiúnta na nAmharcealaíon) de leabhair, de lámhscríbhinní agus de shaothair ealaíne a fuair sé trí thabhartais agus trí thiomnachaí. Caitheadh le míreanna a fuarthas roimh an 1 Deireadh Fómhair 2015 mar shócmhainní seasta sna ráitis airgeadais

de bhrí nach féidir aon luach fiúntach a lua leo mar gheall ar easpa faisnéise faoin mbunchostas ceannaigh agus de bhrí nach bhfuil na sócmhainní seo inréadaithe go héasca.

Cuireadh tús le cleachtadh in 2017/2018 chun na sócmhainní oidhreachta ar fad a thairfeadh i gclár sócmhainní oidhreachta.

Ní dhearnadh aon sócmhainn oidhreachta a dhiúscairt i rith na bliana.

Tá gach costas tabhaithe i ndáil le caomhnú á ngearradh de réir mar a thabhaítear iad.

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

13 INFHÁLTAIS	2022	2021
	€000	€000
Táillí acadúla infhála	111	109
Deontais Stáit infhála	1,043	1,946
Infháltais trádála	8	3
Deontais agus conarthaí taighde infhála	86	99
Réamhíocaíochtaí	382	318
Míreanna infhála eile	110	69
	1,740	2,544

14 DLITEANAIS REATHA

	2022	2021
	€000	€000
Conarthaí iarchurtha	309	72
Deontais taighde agus conarthaí eile réamhíochta	188	124
Ioncam eile iarchurtha	9	4
Táillí teagaisc faighte réamhíochta	1,531	1,494
Deontas Stáit réamhíochta	1,646	1,507
Fabhruithe	786	1,890
	562	417
An Tionscnamh Caipitil Dhaonna - Colún III	583	291
Míreanna iníochta eile	168	162
	5,782	5,961

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

15 SOCHAIR SCOIR

Bunaíodh Scéim Aoisliúntais Foirne agus Scéim Pinsean Céilí agus Leanaí faoi Alt 20 d'Acht um an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, 1971, agus ceadaíodh iad i mí Eanáir 1984 agus i mí Mheán Fómhair 1987 faoi seach. Is scéimeanna neamh-mhaoinithe iad scéimeanna pinsin an Choláiste. Cuireann baill foirne leis an Scéim Aoisliúntais Foirne ag ráta 5% agus cuireann siad leis an Scéim Pinsean Céilí agus Leanaí ag 1.5%. Soláthraíonn an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid don bhliain seirbhíse), cnapshuim (trí ochtódú don bhliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is í an ghnáthaois scoir 65^ú breithlá an chomhalta agus tá comhaltaí roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. De ghnáth, méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) de réir méaduithe ginearálta pá na seirbhíse poiblí.

Is í Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (An Scéim Aonair) an scéim pinsin le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí ceaptha den chéad uair ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 de réir Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Forálann an scéim le haghaidh pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meánghairme, agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é an aois pinsin íosta 66 bliain (ag ardú de réir athruithe ar aois pinsin an Stáit). Áirítear ann áis luathscoir achtúireach-laghdaíthe ó aois 55. Ardaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Cuimsítear comhaltaí na Scéime Aonair sa dliteanas pinsin ag an 30 Meán Fómhair 2022, agus cuireadh san áireamh sna ríomhanna achtúireachta na teidlíochtaí difriúla a bhaineann leis an scéim sin. Baineann €3.3m den €73.3m d'oibleagáidí measta ag an 30 Méan Fómhair le comhaltaí na Scéime Aonair.

	2022	2021
	€000	€000
(a) Anailís ar na Costais Phinsin Iomlána Muirearaithe chuig Cuntas Caiteachais		
Costas seirbhíse reatha	3,503	3,155
Ús ar dhliteanas scéime	1,404	1,056
Ranníocaíochtaí pinsin fostaí	(393)	(321)
	<u>4,514</u>	<u>3,890</u>
(b) Anailís ar Ghluaiseacht Dliteanais Scéime i rith na Bliana	2022	2021
	€000	€000
Dliteanas Scéime ag Tús na Bliana	100,123	91,760
Costas Seirbhíse Reatha	3,503	3,155
Ús ar Dhliteanas Scéime	1,404	1,056
Sochair Íochta sa Bhliain	(3,210)	(2,912)
Cailteanas / (Gnóthachan) Achtúireach aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chailteanas Aitheanta Iomlána	(28,517)	7,065
Dliteanas Scéime ag Deireadh na Bliana	<u>73,303</u>	<u>100,123</u>

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

(c) Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha na méideanna seo mar shócmhainn atá ag comhfhreagairt leis an dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean bunaithe ar thacar foshuíomhanna ar a ndéantar cur síos sa nóta seo agus roinnt teagmhas a tharla roimhe seo. Áirítear i measc na dteagmhas seo an bonn reachtúil do bhunú scéim pinsin, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag NCAD nach leanfaidh an beartas maoinithe seo lena leithéid sin de mhéideanna a chomhlíonadh de réir an chleachtais reatha.

Bhí an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsin aitheanta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar seo a leanas:

	2022	2021
	€000	€000
Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais na bliana reatha	4,907	4,211
Deontais ón Údarás um Ard-Oideachas curtha i bhfeidhm chun sochair phinsin a íoc	(3,210)	(2,912)
Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain	<u>1,697</u>	<u>1,299</u>

Bhí an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean ar an 30 Meán Fómhair 2022 cothrom le €73,303,000 (2021: €100,123,000)

(d) Stair na nOibleagáidí Sochair Iarchurtha

	2022	2021	2020	2019	2018
	€000	€000	€000	€000	€000
Oibleagáidí Sochair Iarchurtha	73,303	100,123	91,760	92,065	88,918
Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar Scéim					
Méid na nDlíteanas	(28,517)	7,064	(1,328)	1,502	614
Céatadán na nDlíteanas Scéime	(39%)	7.1%	(1.5%)	1.6%	0.7%

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh nothaí FRS102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ar an 30 Meán Fómhair 2022 déanta ag achtúireach cáilithe a chuireann ceanglais FRS102 san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime ar an 30 Meán Fómhair 2022.

Seo a leanas na príomh-fhoshuíomhanna achtúireacha:

	2022	2021
Foshuíomh		
Ráta lascaire	3.80%	1.40%
Foshuíomh maidir le méadú tuarastail	3.40%	2.95%
Méadú pinsin ar íocaíocht	3.40%	2.95%
Méadú pinsin iarchurtha	3.40%	2.95%
Boilsciú praghsanna	2.40%	1.95%

Tá an meán-ionchas saoil todhcháioch, de réir na dtáblaí básmaireachta a úsáideadh chun dliteanais phinsin a chinneadh, mar seo a leanas:

2022 **2021**

Fear aois 65	21.6	21.5
Bean aois 65	24.2	24.1

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHATHA
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

1 ANAILÍS AR AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID
6 THIRIM

	Ag 10/01/202 1 €000	Sreafaí airgid €000	Ag 30/09/202 2 €000
Airgead sa Bhanc agus Ar Láimh	3,624	1,068	4,692
	3,624	1,068	4,692

17 GEALLTANAIS CHAIPITIL

Ag an 30 Meán Fómhair 2022 bhí na gealltanais chaipitil cothrom le €1M (2021: €1.4M). Cuireadh tús le hoibreacha suirbhé suímh i mí Aibreáin 2021 ar thionscadal athchóirithe an Choláiste, a bhfuil maoiniú luach €2.9m á chur ar fáil ag an HEA lena aghaidh. I láthair na huaire, tá an chuma ar an scéal go gcuirfean an tionscadal i gcrích de réir na sprice agus de réir an bhuiséid in 2023.

18 GEALLTANAIS LÉASA

Amhail ag an 30 Meán Fómhair, bhí íocaíochtaí léasa íosta ag an gColáiste faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar seo a leanas:

	Talamh agus foirgnimh		Eile	
	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000
Íocaíochtaí léasa íosta todhchaíocha dlíte:				
Nach déanaí ná bliain amháin	216	48	-	29
Níos déanaí ná bliain amháin agus nach déanaí ná cúig bliana	680	-	-	51
Níos déanaí ná cúig bliana	2,385	-	-	-
	3,281	48	-	80

Tá áitreabh léasaithe ag an gColáiste ar Shráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8, ó Diageo. Is léas ceithre bliana atá ann a chuaigh in éag i mí Meithimh 2019. Tá an léas seo tugtha anonn ar bhonn bliantúil i gcomhair 19/20, 20/21 agus i gcomhair 21/22 arís

Shínigh an Coláiste comhaontú léasa nua le Tagaste do Theach Grace Clifford, Lána Eoin Thiar i gcomhair 20 bliain a théann in éag i mí Bealtaine '42

Níl fótachóipirí á léasú ag an gColáiste níos mó, tá siad ceannaithe ag an gColáiste faoi chomhaontú OGP nua

**AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTH
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

19 NOCHTAÍ PÁIRTITHE GAOLMHARA

Glacann an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha le nósanna imeachta de réir na dtreoirínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasa pearsanta chomhaltaí an Bhoird. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Coláiste Deontais a cheadú nó páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe conarthacha le heintitis ina bhfuil comhaltaí de Bhord an Choláiste fostaithe nó a bhfuil leas acu iontu ar shlí eile. I gcásanna ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméid an Bhoird nó ní ghlacann siad páirt in ar shlí ar bith eile nó ní fhreastalaíonn siad ar phlé a bhaineann leis na hidirbhearta seo. Coimeádtar clár de gach cás dá leithéid agus tá sé ar fáil ar iarratas.

20 DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Níl aon dliteanas teagmhasach ann ag deireadh an 30 Meán Fómhair 2022.

21 MÉIDEANNA EISIÓCTHA MAR GHNÍOMHAIRE

	2022	2021
	€000	€000
Deontais HEA faighte	320	183
Lúide: Costais riaracháin	(26)	(23)
	<hr/>	<hr/>
	294	160
Eisíoctha le mic léinn	(290)	(168)
	<hr/>	<hr/>
larmhéid neamhchaite ar an 30 Meán Fómhair	4	(8)

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARTHÁ
NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

22 Imlitir 13/2014 – Bainistíocht agus Cuntasacht Deontas ó Chistí Stáitchiste

Deontóir	Roinn/Oifig Maoinithe Rialtais	Nótaí	Deontas larchurtha/ (Dlite) 01/10/21 €000	Airgead Tirim Faighte 21/22 €000	Tugtha ar ais/le tabhairt ar ais don Deontóir / Eisiótha le fo-chomhpháirtithe €000	Curtha le hIoncam 21/22 €000	Deontas larchurtha/ (Dlite) 30/09/22 €000
Deontais Athfhillteacha							
HEA (Athfhillteach)	An Roinn Oideachais & Scileanna		(105)	11,978	-	(10,975)	898
HEA (Erasmus)	An Roinn Oideachais & Scileanna		247	204	(2)	(171)	278
HEA (Neamh-Chroíchúrsaí)	An Roinn Oideachais & Scileanna		(594)	2,302	(36)	(2,332)	(660)
*Colún 3 - CFA	An Roinn Oideachais & Scileanna		241	2,158	(1,284)	(508)	607
Deontais Athfhillteacha Stáitchiste Iomlána		4	(211)	16,642	(1,322)	(13,986)	1,123
Táillí Acadúla							
HEA	An Roinn Oideachais & Scileanna			4,265	-	(4,265)	-
S.U.S.I.	An Roinn Oideachais & Scileanna		-	1,292	-	(1,292)	-
Táillí Iomlána Maoinithe ag an Stáitchiste		3	-	5,557	-	(5,557)	-
Taighde agus Eile							
An Chomhairle Ealaíon Spacex	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gnóthaí Gaeltachta		15	116	-	(70)	62
ISGNE	An Coimisiún Eorpach		-	-	-	(2)	(2)
PartGo	An Coimisiún Eorpach		(20)	-	-	-	(20)
Our Many Europes	An Coimisiún Eorpach		(7)	14	-	(30)	(23)
Fiontraíocht Éireann	An Coimisiún Eorpach		(7)	-	-	-	(7)
Strokelink (SlainteCare)	D.B.E.I.		14	165	-	(145)	34
Ubuntu	An Roinn Sláinte		-	33	-	(11)	22
FSS – Corp 1000	An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála		4	12	-	(4)	12
HEA Conair 1	An Roinn Sláinte		-	2	-	(2)	-
	An Roinn Oideachais & Scileanna		31	22	-	(17)	36

Cúram & Cruthaitheacht	An Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála	-	2	-	(1)	1
Deontais Iomlán Taighde Státhchiste & Eile	4 & 5	30	366	-	(282)	115
Deontais Státhchiste Iomlána		(181)	22,565	(1,322)	(19,825)	1,238

AN COLÁISTE NÁISIÚNTA EALAÍNE IS DEARHA NATIONAL COLLEGE OF ART AND DESIGN

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2022

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)

*Is é NCAD an comhpháirtí ceannais i gColún 3: An Tionscnamh Caipitil Dhaonna, Acadamh na dTodhchaíochtaí Cruthaitheacha (CFA), atá á mhaoiniú tríd an Údarás um Ard-Oideachas. Bronnadh maoiniú luach €10,018,527 i mí Dheireadh Fómhair 2020 ar na trí hinstiúid chomhpháirtíochta - NCAD, IADT agus UCD. Beidh an ghné mhaoinithe de CFA ar siúl go dtí an 1 Aibreán 2025. Is iad seo a leanas cuspóirí bunúsacha Acadamh na dTodhchaíochtaí Cruthaitheacha:

- Freagairt do riachtanais scileanna nua agus todhchaíochta
- Inniúlachtaí a fhorbairt chun déileáil le hinbhuanaitheacht i ngairmeacha san earnáil chruthaitheach
- Creataí agus formáidí nua a fhorbairt a thairgeann foghlaim sholúbtha trí mhodúil micridhintiúir.
- Bearnaí idir soláthar HEI agus na Tionscail Chruthaitheacha agus Chultúrtha a dhúnadh.

Tá na cuspóirí seo nasctha le tosaíochtaí an Tionscnaimh Chaipitil Dhaonna agus tá ról lárnach acu i straitéis Future Jobs Ireland agus i gClár an Rialtais.

23 CEADÚ CUNTAS

Cheadaigh an Bord na cuntais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2022 ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 7 Márta 2023.

24 TEAGMHAIS IAR-CHLÁR COMHARDAITHE

Níor tharla aon teagmhas suntasach ó dheireadh na bliana a bhféadfadh impleachtaí a bheith acu ar na ráitis airgeadais seo.